Nós Imeachta Gearán

Réasúnaíocht Éiríonn gá leis an bpolasaí seo as:-
Alt 28, Acht Oideachais 1998 – nósanna imeachta chun déileáil le gearáin ó thuismitheoirí leagtha síos do gach scoil faoin Acht. Tá an múinteoir ranga in Loco Parentis chomh fada is atá an páiste ar scoil. Mar sin má tá comhairle á lorg, ceist le cur, fadhb le réiteach nó gearán le deánamh is gá coinne a dhéanamh chun labhairt leis an múinteoir ranga. Tagann tuismitheoirí agus múinteoirí ar chomhréiteach an chuid is mó den am tar éis cúrsaí a phlé.

Gaol le Sprid na Scoile
Cothaíonn an scoil teagmhálacha dearfacha idir an baile agus an scoil agus déantar tréaniarracht cur le féinmheas an uile dhuine i bpobal na scoile. Is chuig na hidéil sin an polasaí seo.

Aidhmeanna / Cuspóirí

- Gaol torthúil agus muiníneach a chothú idir an scoil agus tuismitheoirí.
- An deis a thabhairt do thuismitheoirí a mbarúil/a ngearáin a chur in iúl trí mheán nós imeachta cinnte.
- Laghdú ar an mbaol go dtiocfadh coimhlint aníos.
- An deis a thabhairt do thuismitheoirí caidreamh a bheith acu leis an múinteoir

Tabhair faoi deara le do thoil
Ní chuimsíonn an polasaí seo:

1. Gearáin a bhfuiltear ag dul ina mbun go dlíthiúil.
2. Ceisteanna maidir le hinniúlacht ghairmiúil, atá taobh istigh de théarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus Scileanna.
3. Mionghearáin nach mbaineann le feidhmiú aon mhúinteoir faoi leith.

Céim 1
1.1 Más mian le tuismitheoir/caomhnóir gearán a dhéanamh ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga ar dtús d'fhonn an gearán a réiteach.
1.2 Sa chás nach féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir teacht ar réiteach leis an múinteoir ranga, ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an bPríomhoide d'fhonn é a réiteach.
1.3 Mura mbíonn réiteach ar an ngearán ina dhiaidh sin, ba cheart don tuismitheoir/caomhnóir an gearán a ardú le Cathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile d'fhonn é a réiteach.

Céim 2
2.1 Má tá an gearán fós gan réiteach agus más mian leis an tuismitheoir /caomhnóir an gearán a thógáil níos faide ba cheart dó/di an gearán a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
2.2 Ba cheart don Chathaoirleach aird an mhúinteora atá i gceist a dhíriú ar an gcineál cruinn den ghearán scríofa agus gach iarracht a dhéanamh cúrsaí a réiteach idir na páirtithe taobh istigh de 5 lá den ghearán scríofa a bheith faighte.

Céim 3

3.1 Mura mbíonn an gearán réitithe ar bhonn neamhfhoirmeálta, ba chóir don Chathaoirleach; faoi réir údarás ginearálta an Bhoird agus ach amháin i gcásanna go gceapann an Cathaoirleach go mbeidh údarás ón mBord ag teastáil:

a) cóip den ghearán scríofa a chur ar fáil don mhúinteoir; *agus*

b) cruinniú a shocrú leis an múinteoir agus leis an bpríomhoide, más cuí, d'fhonn an gearán a réiteach. Ba cheart don chruinniú seo tarlú taobh istigh de 10 lá ón ngearán scríofa a bheith faighte.

Céim 4

4.1 Mura mbíonn an gearán réitithe ba chóir don Chathaoirleach tuairisc foirmeálta a chur os comhair an Bhoird taobh istigh de 10 lá den chruinniú i 3.1 (b).

4.2 Má mheasann an Bord nach bhfuil bunús leis an ngearán, is gá é seo a chur in iúl don mhúinteoir agus don ghearánach laistigh de 3 lá ón gcruinniú Boird

4.3 Má mheasann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán nó go bhfuil imscrúdú breise ag teastáil, ba chóir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

(a) Ba chóir a chur in iúl don mhúinteoir go bhfuil an fiosrúchán ag dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile;

(b) Ba cheart cóipeanna d'aon fhianaise scríofa a chur ar fáil don mhúinteoir mar thaca leis an ngearán;

(c) Ba chóir iarraidh ar an múinteoir ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord mar fhreagra ar an ngearán;

(d) Ba chóir deis a thabhairt don mhúinteoir cur i láthair a dhéanamh don Bhord. Bheadh an múinteoir i dteideal cara dá rogha féin a bheith in éineacht leis/léi mar chomhluadar agus mar chuiditheoir ag aon chruinniú dá leithéid;

(e) Is féidir leis an mbord cruinniú a eagrú leis an ngearánach má cheaptar go bhfuil gá lena leithéid. Bheadh an gearánach i dteideal cara a thabhairt ag an gcruinniú mar chomhluadar agus mar chuiditheoir;

(f) Tionólfar an cruinniú den Bhord Bainistíochta a luaitear in (d) agus (e) taobh istigh de 10 lá den chruinniú a luaitear i 3.1(b).

Céim 5

5.1 Nuair atá fiosrúcháin an Bhoird curtha i gcrích ba cheart go gcuirfeadh an Cathaoirleach cinneadh an Bhoird i scríbhinn chuig an múinteoir agus chuig an ngearánach taobh istigh de 5 lá ón gcruinniú Boird.

5.2 Ní bheidh aon dul thar chinneadh an Bhoird.

5.3 Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas Gearáin tar éis trí bhliain.

5.4 Is féidir leis an CPSMA nó an INTO éirí as an gcomhaontú seo tar éis fógra trí mhí a thabhairt don pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn acu a leithéid a dhéanamh.

Critéir Rathúlachta

- Gearáin a réiteach go tapa agus go héifeachtach
- Múinteoirí/Tuismitheoirí a bheith sásta.
- Aiseolas dearfach a fháil ó phobal na scoile
- Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe na scoile de réir mar is gá.

Sínithe: Máire Uí Airmhighe	**Sínithe**: Michelle Ní Thuama
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta	Príomhoide
Dáta: Feabhra 2021	Dáta: Feabhra 2021